AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 24.1.2024
COM(2024) 24 final

PÁIPÉAR BÁN

maidir le hInfheistíochtaí Amach

PÁIPÉAR BÁN
maidir le hInfheistíochtaí Amach

1. RÉAMHRÁ: CÉN FÁTH A DTEASTAÍONN PÁIPÉAR BÁN MAIDIR LE HINFHEISTÍOCHTAÍ AMACH? 2

2. STAID NA HIMEARTHA AGUS TORTHAÍ TOSAIGH 5

3. NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE ATÁ BEARTAITHE: ATHBHREITHNIÚ AR INFHEISTÍOCHTAÍ AMACH ÁIRITHE 7

3.1. An faireachán / an t-athbhreithniú a bheartaítear ar infheistíochtaí amach i dteicneolaíochtaí sonracha 7

3.2. Measúnú riosca arna dhéanamh ag na Ballstáit 11

3.3. Tuairisciú chuig an gCoimisiún agus chuig Ballstáit eile 12

3.4. Measúnú comhpháirteach agus díospóireacht 13

3.5. Athbhreithniú a dhéanamh ar iarratais ar cheadúnais le haghaidh onnmhairiú ítimí dé-úsáide i gcomhthéacs infheistíochtaí amach, comhairliúcháin i measc na mBallstát agus faisnéis a thabhairt don Choimisiún 13

4. CONCLÚID 14

1. RÉAMHRÁ: CÉN FÁTH A DTEASTAÍONN PÁIPÉAR BÁN MAIDIR LE HINFHEISTÍOCHTAÍ AMACH?

Aithnítear leis an Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir leis an Straitéis Eorpach um Shlándáil Eacnamaíoch a glacadh an 20 Meitheamh 2023[1] ('an Teachtaireacht Chomhpháirteach') tábhacht na margaí oscailte domhanda le haghaidh rath agus shlándáil eacnamaíoch an Aontais Eorpaigh i dtéarmaí athléimneachta agus iomaíochais araon. Deimhnítear leis go *'mbaineann rath ár ngeilleagar le trádáil agus infheistíocht atá oscailte agus bunaithe ar rialacha, le nascacht trasteorann shlán agus leis an gcomhar sa taighde agus sa nuálaíocht'*. An tráth céanna, aithnítear leis go bhféadfadh rioscaí féideartha slándála teacht chun cinn nuair a imíonn teicneolaíochtaí agus infheistíochtaí íogaire ón Aontas ar bhealach a fhéadfaidh bagairt ar shíocháin agus slándáil idirnáisiúnta. Go háirithe, déantar tagairt leis do **rioscaí sceite teicneolaíochta agus saineolais de thoradh infheistíochtaí amach** (i.e., infheistíochtaí a dhéanann cuideachtaí an Aontais i dtríú tíortha) i dtacar cúng ardteicneolaíochtaí a d'fhéadfadh acmhainneachtaí míleata agus faisnéise gníomhaithe a fheabhsú, gníomhaithe a d'fhéadfadh na hacmhainneachtaí sin a úsáid chun síocháin agus slándáil idirnáisiúnta a bhagairt.

Cuireann an tAontas **srian ar onnmhairiú teicneolaíochtaí dé-úsáide cheana féin**. Mar sin féin, tá ábhair imní ann, atá ag dul i méid, gur bhféadfadh na daoine míchearta seilbh a fháil ar roinnt teicneolaíochtaí agus saineolais íogair de thoradh idirbhearta infheistíochta amach nach bhfuil faoi réir sásraí rialaithe faoi láthair. Mar shampla, d'fhéadfadh sé sin tarlú má shroicheann teicneolaíocht cheannródaíoch an Aontais tíortha ina bhfuil na teorainneacha idir gníomhaíochtaí sibhialta agus míleata doiléir. D'fhéadfaí teicneolaíocht nó saineolas den sórt sin a úsáid chun a n-acmhainneachtaí míleata agus faisnéise a threisiú a d'fhéadfadh a bheith ina dhiaidh sin ina bhagairt ar ár slándáil chomhchoiteann san Aontas. Is féidir breathnú ar infheistíochtaí amach áirithe amhail '*taobh cúl*' idirbhearta um onnmhairiú ítimí dé-úsáide.

Tá **nasc comhchosúil ann idir infheistíocht amach agus infheistíocht dhíreach choigríche isteach (IDC).** Tá creat ag an Aontas cheana chun IDC isteach a scagadh, i dteicneolaíochtaí íogaire go háirithe. Cé go bhféadfaí infheistíocht isteach i gcuideachtaí an Aontais ag a bhfuil teicneolaíochtaí íogaire ag infheisteoirí rioscúla a bheith srianta nó toirmiscthe trí bhearta a fhorchuirtear faoi chóras scagtha IDC, tá riosca féideartha ann go bhféadfadh cuideachtaí spriocdhírithe an Aontais na teicneolaíochtaí sin a chur ar fáil do na hinfheisteoirí céanna trí bhíthin infheistíochtaí amach. Mar sin féin, níl infheistíochtaí amach den sórt sin faoi réir faireacháin faoi láthair fiú. D'fhéadfadh sé sin dochar a dhéanamh d'éifeachtacht ár rialuithe atá ann cheana agus, dá bhrí sin, do shlándáil an Aontais ina iomláine agus do shlándáil na mBallstát aonair.

Leis na hábhair imní den sórt sin atá ag dul i méid cuirtear an **gá i dtábhacht díriú go géar ar an tsaincheist sin** chun na nithe seo a leanas a thuiscint:

1. **Cén cineál infheistíochtaí** i dteicneolaíochtaí áirithe criticiúla a dhéantar ón Aontas;
2. **Cé acu** a fhéadfaidh infheistíochtaí den sórt sin slándáil an Aontais nó slándáil Bhallstáit a chur i mbaol go héifeachtach; agus, <u>má fhéadann</u>,

[1] Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach agus chuig an gComhairle 'Straitéis Eorpach um Shlándáil Eacnamaíoch', an Bhruiséil, 20.6.2023, JOIN(2023) 20 final.

3. **Cá mhéad** ar féidir rioscaí den sórt sin a mhaolú trí uirlisí atá ann cheana nó a thabharfadh údar le gníomhaíocht bheartais breise chomhréireach ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal náisiúnta.

Ó pheirspictíocht gheostraitéiseach, ní hé an tAontas an chéad pháirtí a rinne tionscnamh beartais sa réimse sin a bhreithniú. **Rialaíonn roinnt tíortha infheistíochtaí amach cheana féin**, amhail an tSeapáin[2] nó an tSín[3]. Tá tíortha eile, amhail na Stáit Aontaithe[4], ag forbairt creata chun é sin a dhéanamh.

Bíonn roinnt dúshlán i gceist le freagairt an Aontais a fhorbairt ar ábhair imní maidir le infheistíochtaí amach: (i) raon feidhme na n-ábhar imní féideartha a dhéanamh amach, (ii) méid agus cineál infheistíochtaí amach an Aontais a thuiscint trí shonraí agus fianaise ábhartha a bhailiú, agus (iii) measúnú a dhéanamh féachaint an gcruthaíonn nó an gcuireann infheistíochtaí den sórt sin le rioscaí don tslándáil atá so-aitheanta go soiléir. Sa dara céim, ba cheart don Aontas agus a Bhallstáit measúnú a dhéanamh ar an ngá le freagairtí comhréireacha agus spriocdhírithe chun rioscaí aitheanta a mhaolú trí uirlisí atá ann cheana nó trí ghníomhaíocht mhaolaithe nua ar an leibhéal náisiúnta agus/nó ar leibhéal an Aontais.

Éilítear le measúnú cuimsitheach tuiscint mhaith ar infheistíochtaí amach ag infheisteoirí an Aontais agus ar an teicneolaíocht agus an saineolas a d'fhéadfaí a aistriú i gcomhthéacs idirbhearta den sórt sin. Éilítear leis sin freisin tuiscint dhomhain ar rioscaí slándála a bhaineann le hinfheistíochtaí amach den sórt sin chun measúnú a dhéanamh ar bhearnaí féideartha in uirlisí slándála trádála agus infheistíochta atá ann cheana.

Leis an bPáipéar Bán atá faoi chaibidil anseo tugtar tuairisc ar staid imeartha obair thosaigh an Aontais maidir le hinfheistíocht amach. Leagtar amach ann bealach ar aghaidh chuig dúshláin atá ann faoi láthair a thuiscint agus aghaidh a thabhairt orthu le cur chuige aonfhoirmeach agus éifeachtach de chuid an Aontais. Tá sé d'aidhm aige barúlacha agus ionchur a lorg ó pháirtithe leasmhara chun cuidiú leis an gCoimisiún raon feidhme Moladh ón gCoimisiún amach anseo a shainmhíniú maidir le hinfheistíocht amach i ndlúthchomhar leis na Ballstáit. Féadfaidh an tArdionadaí / Leas-Uachtarán (HRVP) a ionchur a sholáthar, i gcás inarb iomchuí, i ndáil le saincheisteanna féideartha a bhaineann le comhbheartas eachtrach agus slándála. Cuideoidh an Páipéar Bán seo leis an gCoimisiún tuairimí agus ábhair imní na bpáirtithe leasmhara agus

---

2 De bhun coinníollacha áirithe a bunaíodh leis an *Foreign Exchange and Foreign Trade Act* (Gníomh Uimh. 228 de 1949). Níl feidhm ag rialuithe infheistíochta amach na Seapáine ach maidir le hinfheistíochtaí i bhfíorbheagán earnálacha: iascaigh, leathar agus táirgí leathair, airm agus monaraíocht trealaimh airm, agus drugaí támhshuanacha.

3 Sa tSín, áirítear le reachtaíocht atá ann cheana *Administrative Measures for Overseas Investment by Enterprises, by the National Development and Reform Commission* (2017, Uimh. 11), *State Council Guidance on Overseas Investments* (2017, Uimh. 74), lena sainaithnítear infheistíochtaí amach atá *spreagtha*, *srianta* agus *toirmiscthe*, agus *Catalogue of Sensitive Industries for Overseas Investments, by the National Development and Reform Commission* (2018, Uimh. 251) lena leagtar amach na hearnálacha tionscail íogair le haghaidh infheistíochtaí thar lear. Áirítear leo sin airm agus trealamh gaolmhar, acmhainní uisce, meáin nuachta, réadmhaoin, óstán, scannánaíocht, tionscal siamsaíochta, clubanna spóirt agus cistí infheistíochta cothromais áirithe. Tuigimid nach bhfreastalaíonn na ceanglais Shíneacha éagsúla ceadúnúcháin agus clárúcháin a bhaineann le hinfheistíochtaí amach ar leasa slándála náisiúnta agus rialaithe trádála eachtraí amháin, ach ar an '*leas náisiúnta*' níos leithne freisin. Cuireann an tSín srianta ar onnmhairí airgeadra eachtraigh freisin faoin Riarachán Stáit um Malairt Eachtrach. Dá réir sin, dealraíonn sé go gcumhdaítear le rialuithe infheistíochta amach na Síne tacar leathan d'earnálacha eacnamaíocha agus tástáil shubstainteach a d'fhéadfadh dul níos faide ná measúnú slándála amháin.

4 Ordú Feidhmiúcháin 14105 an 9 Lúnasa 2023, Advance notice of proposed rulemaking of 14 August 2023.

Pharlaimint na hEorpa a thuiscint agus a choimeád suas leis na machnaimh agus na hanailísí leanúnacha laistigh den Aontas Eorpach[5] agus na Ballstáit maidir le ceist na hinfheistíochta amach agus na slándála eacnamaíche go ginearálta an tráth céanna.

[5] Lena n-áirítear an measúnú riosca ar leithligh, ach gaolmhar go méid áirithe, ar na ceithre theicneolaíocht criticiúla a cuireadh in ord tosaíochta tar éis Mholadh C(2023) 6689 final ón gCoimisiún an 3 Deireadh Fómhair 2023 maidir le réimsí teicneolaíochta criticiúla le haghaidh shlándáil eacnamaíoch an Aontais i ndáil le measúnú riosca breise leis na Ballstáit.

2. STAID NA HIMEARTHA AGUS TORTHAÍ TOSAIGH

Roimh an Teachtaireacht Chomhpháirteach, sheol an Coimisiún díospóireacht faoin tsaincheist sin le húdaráis scagtha IDC agus rialaithe onnmhairí ítimí dé-úsáide na mBallstát in earrach 2023. Chun an díospóireacht sin a chothú, tá **sonraí á mbailiú** ag an gCoimisiún maidir le hinfheistíochtaí amach a dhéanann cuideachtaí an Aontais. Le linn na tréimhse idir 2013 agus 2022, bhí thart ar 12 800 idirbheart Cumaisc agus Éadálacha ag cuideachtaí an Aontais i dtríú tíortha a chomhfhreagraíonn le thart ar EUR 1.4 trilliún agus 26 000 idirbheart infheistíochta Caipitil Fiontair ag a bhfuil luach foriomlán EUR 408 milliún[6]. Maidir leis an dá chatagóir idirbheart infheistíochta amach araon, ba iad an dá cheann scríbe is mó na Stáit Aontaithe agus an Ríocht Aontaithe, arbh ionann iad agus leath de na bearta ar a laghad agus thart ar 70 % den chaipiteal. Thar an bhfaisnéis ardleibhéil sin, tháinig an Coimisiún ar lochtanna nach beag sna sonraí atá ar fáil, amhail tuilleadh mionsonraí maidir leis na hidirbhearta, méideanna airgeadaíochta, saintréithe birt, teicneolaíochtaí lena mbaineann.

Ar thaobh amháin, tá easpa sonraí atá tugtha cothrom le dáta agus atá mionsonraithe maidir leis an earnáil nó an teicneolaíocht a bhaineann le hidirbhearta infheistíochta aonair sna foinsí oifigiúla (e.g., sonraí IDC ó chuntais náisiúnta), agus tá bhrí sin tá sé dúshlánach na hinfheistíochtaí amach sin a shainaithint i dtacar cúng de theicneolaíochtaí criticiúla ina bhféadadh rioscaí féideartha teacht chun cinn. Ar an taobh eile, aicmítear le staitisticí oifigiúla chomh maith le foinsí sonraí tráchtála atá le fáil, cuideachtaí agus idirbhearta de réir córais aicmithe oifigiúla. Tugann siad sin tuairisc ar réimsí teicneolaíochtaí atá forbartha cheana féin den chuid is mó, ach ní sholáthraíonn siad faisnéis maidir le hardteicneolaíochtaí sonracha ná le gníomhaíochtaí nua eacnamaíocha, amhail intleacht shaorga.

I mí Iúil seo caite, chuir an Coimisiún **Grúpa Saineolaithe maidir le hInfheistíocht Amach** ar bun ('an Grúpa Saineolaithe'), atá dírithe ar fhaisnéis agus taithí ó na Ballstáit a tharraingt isteach chun scrúdú a dhéanamh ar rioscaí féideartha slándála, bearnaí, agus, más gá, gníomhaíochtaí féideartha beartais[7]. Leis an nGrúpa Saineolaithe, tugtar saineolaithe na mBallstát le chéile ó ranna a bhaineann le rialuithe ar onnmhairiú ítimí dé-úsáide, scagadh IDC, trádáil agus gnóthaí eachtracha. Tháinig sé le chéile 3 huaire in 2023 cheana féin.

Faoin am seo, tá sé soiléir roimh anailís a dhéanamh ar aon riosca féideartha, gur gá go dtuigtear go soiléir **raon feidhme an chleachtaidh** – go héifeachtach, '*cé na hinfheistíochtaí amach gur cheart a bhreithniú chun rioscaí dár slándáil chomhchoiteann AE a shainaithint*' – agus go bhfuil gá le **sonraí mionsonraithe coincréiteacha** ar an leibhéal náisiúnta **maidir le hidirbhearta infheistíochta amach ábhartha** agus, b'fhéidir, maidir le gníomhaíochtaí lena mbaineann**, ach tá siad ar iarraidh faoi láthair**. **Léirítear leis an easpa sonraí sin gá le dearcadh coiteann a thógáil maidir le raon feidhme na saincheiste,** a mhéid a bhaineann le

---

6 Foinse: Sonraí Pitchbook arna mbaint i mí Iúil 2023. Nótaí: (1) ní chumhdaítear leis na sonraí ach bearta Cumaisc agus Éadálacha agus infheistíochtaí Caipitil Fiontair, toisc nach n-áirítear infheistíochtaí i láithreán úrnua sa bhunachar sonraí (sna bunachair shonraí) tráchtála a ndeachthas i gcomhairle leis (leo); (2) tá an méid airgeadaíochta le haghaidh bearta Cumaisc agus Éadálacha easnamhach toisc nach raibh luachanna le fáil ach le haghaidh leath na mbeart; agus (3), áirítear idirbhearta Caipitil Fiontair i gcás ina raibh infheisteoir amháin ar a laghad de chuid an Aontais rannpháirteach, ach d'fhéadfadh sé a bheith ina chuid de ghrúpa infheisteoirí nach de chuid an Aontais iad agus is é an méid iomlán a thuairiscítear, gan méid/méideanna infheistíochtaí ábhartha an Aontais a shainaithint a thuilleadh.

7 An Clár de Ghrúpaí Saineolaithe an Choimisiúin agus d'eintitis eile den saghas céanna (europa.eu).

raon feidhme na n-idirbheart agus na ngníomhaíochtaí as a dtagann rioscaí, na teicneolaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith bainteach leo agus cé acu ar cheart an bhéim a chur ar thíortha sonracha.

Tháinig an Coimisiún ar na torthaí tosaigh seo a leanas mar gheall ar an obair leanúnach leis na Ballstáit sa Ghrúpa Saineolaithe:

1. **Tá bearna eolais substaintiúil ann** agus pictiúr an-teoranta de na hinfheistíochtaí amach a dhéanann infheisteoirí an Aontais. Tá roinnt údarás poiblí ag bailiú faisnéise ar an leibhéal náisiúnta (e.g., bainc cheannais nó oifigí náisiúnta staidrimh[8]). Níl an fhaisnéis mionsonraithe go leor áfach, ná spriocdhírithe go leor chun na fíorais ábhartha a sholáthar chun a shuí cé acu an bhféadfadh aon riosca slándála teacht chun cinn ó na hinfheistíochtaí sin agus chun a chur ar a gcumas do na Ballstáit agus don Choimisiún measúnú cuí ar rioscaí den sórt sin a dhéanamh.

2. **Ní dhéanann na Ballstáit athbhreithniú agus measúnú ar infheistíochtaí amach go córasach chun críoch slándála**. Aithníonn roinnt Ballstát an fhéidearthacht go ndéantar, mar thoradh air, dearmad ar roinnt rioscaí.

3. **Tá an t-ábhar íogair agus casta araon**. Cé go bhfuil gné gheopholaitiúil níos leithne ag rioscaí féideartha a eascraíonn as infheistíochtaí amach áirithe, tá sé tábhachtach a aithint gur cuid luachmhar agus dhlisteanach de ghníomhaíocht eacnamaíoch i margadh domhanda iad infheistíochtaí amach an Aontais. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh impleachtaí dearfacha agus diúltacha do ghnólachtaí an Aontais a bheith i gceist le haon ghníomhaíocht bheartais fhéideartha maidir le hinfheistíochtaí amach.

4. Tá comhthoil i measc na mBallstát agus an Choimisiúin gur cheart, dá sainaithneofaí aon riosca, **gníomhaíocht bheartais a bheith éifeachtach, comhréireach, spriocdhírithe agus infhorfheidhmithe** ag riaracháin.

5. **Sula ndéanfaí aon fhreagairt bheartais a dhearadh, ní mór dúinn lánúsáid a bhaint as na hionstraimí atá ann cheana ar dtús**. I gcás go measfar go mbeidh gá le gníomhaíocht bheartais chun freagairt ar rioscaí sainaitheanta, ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit iarracht a dhéanamh, a mhéid is féidir de réir an dlí, aird a thabhairt ar aon riosca ó infheistíochtaí amach trí ionstraimí atá ann cheana, amhail rialuithe ar onnmhairiú ítimí dé-úsáide nó sásraí scagtha IDC, trí úsáid na n-ionstraimí sin a fheabhsú nó trí iad a leasú chun freastail ar rioscaí nua.

---

[8] Cuireann **reachtaíocht áirithe ar a gcumas do na Ballstáit faireachán a dhéanamh (go páirteach)** ar idirbhearta **infheistíochta amach**, amhail staitisticí comhardaithe íocaíochtaí arna mbailiú ag Bainc Cheannais, clárlanna náisiúnta atá dírithe ar fhaireachán a dhéanamh ar infheistíochtaí amach chun críoch staidrimh agus reachtaíocht chomhchosúil, e.g., córas náisiúnta na Spáinne a bunaíodh trí Fhoraithne Ríoga 1265/1986 an 27 Meitheamh 1986, Caibidil VI, a tugadh cothrom le dáta le Foraithne Ríoga 664/1999 an 23 Aibreán 1999 agus le Foraithne Ríoga 571/2023 an 4 Iúil 2023. **Is féidir tuilleadh faisnéise a bhailiú trí scéimeanna oifigiúla ráthaithe infheistíochta**, e.g., scéimeanna ráthaithe infheistíochta na Gearmáine agus na hOstaire. Sa Ghearmáin tá sé sin á bhainistiú ag PwC thar ceann na hAireachta Cónaidhme um Ghnóthaí Eacnamaíocha agus um Ghníomhú ar son na hAeráide, agus san Ostair tá sé á bhainistiú ag banc (OeKB) thar ceann na hAireachta Cónaidhme Airgeadais. **Cuireann roinnt sásraí náisiúnta ar a gcumas do na Ballstáit cásanna an-sonracha infheistíochtaí amach a rialú** chun críoch slándála (e.g., córas Cumhachta Órga na hIodáile, de bhun Foraithne Dlí Uimh. 21/2012, ina bhfuil roinnt forálacha lena gceadaítear scagadh cineálacha teoranta infheistíochtaí amach).

3. NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE ATÁ BEARTAITHE: ATHBHREITHNIÚ AR INFHEISTÍOCHTAÍ AMACH ÁIRITHE

Is ábhar casta é nach mór **cur chuige céim ar chéim de réir a chéile** a ghlacadh ina leith:

- ar dtús, céim chomhairliúcháin poiblí: a seoladh trí fhoilsiú an Pháipéir Bháin seo agus ceistneoir;
- ar an dara dul síos, céim faireacháin: bainfidh an Coimisiún leas as torthaí an chomhairliúcháin phoiblí atá ar na bacáin agus as na freagairtí ar an bPáipéar Bán seo chun Moladh do na Ballstáit a dhréachtú d'fhonn faireachán/athbhreithniú a dhéanamh ar idirbhearta infheistíochta amach áirithe lena mbaineann tacar teicneolaíochtaí íogaire le himeacht ama áirithe;
- ar an tríú dul síos, céim mheasúnaithe riosca: ar bhonn thorthaí na hanailíse agus an fhaireacháin sin, is fearr a bheidh na Ballstáit agus an Coimisiún in ann teacht ar chonclúidí maidir leis na rioscaí atá nasctha le hidirbhearta infheistíochta amach den sórt sin ar mhaithe lenár slándáil choiteann san Aontas.

Leagfar amach torthaí an mheasúnaithe sin agus tograí féideartha chun aon riosca a arna aithint a mhaolú i dTeachtaireacht bhreise agus, de réir mar is gá, aon togra iomchuí.

3.1. An faireachán / an t-athbhreithniú a bheartaítear ar infheistíochtaí amach i dteicneolaíochtaí sonracha

Bunaithe ar na torthaí tosaigh ón obair a rinneadh leis an nGrúpa Saineolaithe, tá barúlacha á lorg ag an gCoimisiún maidir leis na gnéithe a leagtar amach thíos a dtabharfar aghaidh orthu i moladh beartaithe an Choimisiúin maidir le faireachán.

Raon feidhme an fhaireacháin

1. Maidir le cineál na n-idirbheart infheistíochta amach a bhfuil faireachán le déanamh orthu, measann an Coimisiún **gur cheart réimse leathan idirbheart a chumhdach leis an bhfaireachán**, lena n-áirítear na cineálacha infheistíochtaí gníomhacha uile, agus infheistíochtaí punainne á n-eisiamh, i.e. infheistíocht eachtrach neamhdhíreach arb é is cuspóir di infheistíocht airgeadais a dhéanamh gan aon rún ag baint léi tionchar a imirt ar bhainistíocht agus rialú gnóthais, mar a leagtar amach sa bhosca thíos.

Ba cheart do na Ballstáit faireachán a dhéanamh ar infheistíochtaí d'aon chineál ag daoine nádúrtha nó daoine dlítheanacha a bhfuil cónaí orthu san Aontas nó atá bunaithe ansin ('infheisteoirí an Aontais') a bhfuil sé d'aidhm acu gníomhaíocht eacnamaíoch a dhéanamh lasmuigh den Aontas Eorpach. Ba cheart infheistíochtaí den sórt sin a áireamh:

- an éadáil ar chuideachta nó bun i gcuideachta a chuireann ar a chumas dó a bheith rannpháirteach go héifeachtach i mbainistíocht nó rialú na cuideachta ('éadáil'),
- ionsú cuideachta eile amháin nó níos mó ag cuideachta amháin nó comhcheangal dhá chuideachta nó níos mó chun cuideachta nua a chruthú ('cumasc'),
- aistriú sócmhainní inláimhsithe nó doláimhsithe, lena n-áirítear maoin intleachtúil nó saineolas agus próiseas sonrach teicneolaíochta, a bhfuil gá leo chun gníomhaíocht eacnamaíoch a bhunú nó a choinneáil ar bun ('aistriú sócmhainne'),
- bunú gnó den chéad uair, lena n-áirítear fochuideachta, brainse nó fiontair chomhchosúla a chruthú ('infheistíocht i láithreán úrnua'),
- bunú fiontair chun acmhainní a mheascadh chun comhsprioc fiontraíochta a bhaint amach le duine eile ('comhfhiontar'), agus

- caipiteal a sholáthar chun teicneolaíocht íogair a fhorbairt, atá nasctha le sochair dholáimhsithe áirithe amhail cúnamh bainistíochta, rochtain ar líonraí infheistíochta agus tallainne, rochtain ar an margadh agus rochtain fheabhsaithe ar mhaoiniú breise ('caipiteal fiontair').

Ba cheart infheistíochtaí (indíreacha) eile atá déanta ag infheisteoir an Aontais a chumhdach freisin leis an bhfaireachán, amhail infheistíochtaí a dhéantar trí eintiteas tríú tíortha a úsáidtear mar mheán infheistíochta, trí fhochuideachta atá ann cheana nó i gcomhthéacs comhfhiontair atá ann cheana. Áirítear leis sin aistriú sócmhainní de réir a chéile le himeacht ama, infheistíochtaí i dtríú tíortha atá de thoradh infheistíochtaí roimhe agus infheistíochtaí a bhfuil sé d'aidhm acu dul timpeall ar rialuithe trádála agus infheistíochta atá ann cheana agus a bhaineann le slándáil. Ba cheart infheistíochtaí punainne a eisiamh ón bhfaireachán.

Chomh maith leis sin, maidir leis an raon feidhme, tá barúlacha á lorg ag an gCoimisiún i ndáil le tosaíochtaí riosca-bhunaithe a d'fhéadfaí a bhunú mar chuid den fhaireachán, amhail iad siúd a úsáideann údaráis rialaithe onnmhairí na mBallstát go tráthrialta ina measúnuithe ar iarratais ar cheadúnais onnmhairí dé-úsáide. D'fhéadfaí a áireamh leis sin tús áite a thabhairt d'fhaireachán a dhéanamh ar bhonn phróifíl an úsáideora deiridh agus tír a bhunaíochta.

2. Anuas air sin, i bhfianaise an ionchuir a fuarthas ón nGrúpa Saineolaithe, tá ábhair imní ann dá ndéanfaí aon mheasúnú a theorannú do chineál na ngníomhaíochtaí a chumhdaítear i bpointe 1 thuas amháin, nach bhfaighfí amach faoi aon ghníomhaíocht a d'fhéadfadh a bheith ina riosca atá nasctha le hinfheistíochtaí amach nó atá rompu. Dá bhrí sin, tá barúlacha á lorg ag an gCoimisiún freisin maidir le ar cheart dó a mholadh **go bhféadfaidh na Ballstáit cinneadh a dhéanamh ar fhaireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí criticiúla eile** ('faireachán roghnach'), amhail **comhar taighde agus forbartha**, nó cleachtais a úsáidtear chun **pearsanra an-speisialaithe** a **mhealladh** chun tairbhiú dá gcuid saineolais agus taithí i réimsí íogaire áirithe, nó chun rochtain a fháil ar mhaoin intleachtúil, mar a leagtar amach sa bhosca thíos.

D'fhéadfadh na Ballstáit smaoineamh ar fhaireachán a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí seo a leanas, a bhféadfadh riosca sceitheadh teicneolaíochta íogair nó saineolais a bheith mar thoradh orthu freisin:

- **Comhar taighde**, a thuigfear mar chomhar idir eintiteas atá bunaithe san Aontas agus eintiteas atá bunaithe i dtríú tír a bhaineann le haistriú sócmhainní inláimhsithe nó doláimhsithe sna ceithre réimse teicneolaíochta criticiúla mar a leagtar amach i roinn 3 thíos, lena n-áirítear maoin intleachtúil agus saineolas. D'fhéadfaí comhar idir eintitis amhail institiúidí taighde agus acadúla, nó idir na hinstitiúidí sin agus eintitis san earnáil phríobháideach nó san earnáil phoiblí a áireamh leis sin. Tá an faireachán roghnach sin le feiceáil i bhfianaise iarrachtaí na mBallstát atá á ndéanamh cheana nó atá le déanamh chun cur chuige a fhorbairt chun slándáil taighde a fheabhsú, i gcomhréir freisin leis an Togra le haghaidh Moladh ón

gComhairle maidir le slándáil taighde a fheabhsú a ghlac an Coimisiún an 24 Eanáir 2024[9].

- **Soghluaisteacht** agus aistriú **pearsanra atá thar a bheith speisialaithe**, lena n-áirítear speisialtóirí sna ceithre réimse teicneolaíochta criticiúla, nó feidhmeannaigh ghnó a bhfuil taithí shuntasach acu sna ceithre réimse teicneolaíochta criticiúla.

3. Maidir leis na réimsí teicneolaíochta inar cheart faireachán a dhéanamh ar infheistíochtaí, iarrtar barúlacha maidir le cé acu **ar cheart nó nár cheart díriú leis an bhfaireachán ar an teicneolaíocht agus ar an saineolas is íogaire ar dtús.** D'fhéadfadh, mar shampla, ceithre réimse teicneolaíochta a bheith i gceist leis seo: ard-leathsheoltóirí, an intleacht shaorga, teicneolaíochtaí candamacha agus bith-theicneolaíochtaí. Is iad na réimsí sin réimsí teicneolaíochta arna sainaithint ag an gCoimisiún mar '**réimsí gur dóchúil go mbeidh na rioscaí is íogaire agus is láithrí maidir le slándáil teicneolaíochta agus sceitheadh teicneolaíochta ag baint leo**' sa Mholadh ón gCoimisiún an 3 Deireadh Fómhair 2023 maidir le réimsí teicneolaíochta criticiúla le haghaidh shlándáil eacnamaíoch an Aontais i dtaca le measúnú riosca breise leis na Ballstáit[10]. Faoin Moladh sin, tá measúnú riosca ar na réimsí teicneolaíochta sin á dhéanamh faoi láthair ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit. Is de chineál níos leithne an measúnú riosca sin, lena gcumhdaítear raon rioscaí a bhaineann leis na teicneolaíochtaí áirithe sin. Áirítear leis léargas tosaigh ar an bhféidearthacht go mbeadh sceitheadh teicneolaíochta ann a bhaineann le hinfheistíochtaí amach. D'fhéadfaí an toradh a úsáid mar ionchur chun measúnú níos doimhne a dhéanamh ar rioscaí a bhaineann le hinfheistíochtaí amach atá le déanamh ag na Ballstáit agus ag an gCoimisiún ar bhonn an fhaireacháin atá beartaithe. D'fhéadfadh torthaí an mheasúnaithe leanúnaigh sin ar theicneolaíochtaí criticiúla chomh maith le freagairtí ar an bPáipéar Bán seo, mar shampla, athruithe a dhearbhú ar raon feidhme na dteicneolaíochtaí a bhféadfaidh an Coimisiún a mholadh do na Ballstáit faireachán a dhéanamh orthu nó d'fhéadfadh na hathruithe sin a bheith mar thoradh orthu.

4. Maidir leis an **gcumhdach geografach,** tugtar le tuiscint ó obair an tSainghrúpa go bhfuil an Coimisiún agus na Ballstáit den tuairim nár cheart cinn scríbe shonracha a eisiamh *a priori* ón bhfaireachán. Mar sin féin, i bhfianaise líon ard na dtíortha agus na srianta acmhainní atá ann cheana, tá an Coimisiún den tuairim gur cheart **do na Ballstáit tosaíocht a thabhairt dá ngníomhaíochtaí faireacháin bunaithe ar a measúnú ar phróifílí riosca tíortha áirithe.**. Ba cheart a áireamh leis an measúnú riosca iompraíocht na tíre lena mbaineann san am a chuaigh thart, lena n-áirítear sáruithe ar Chairt na Náisiún Aontaithe. Ba cheart measúnú a dhéanamh sa phróifíl riosca sin freisin ar an bhféidearthacht go n-úsáidfear teicneolaíochtaí nó ítimí i gcásanna cogaíochta nó coinbhleachta, chun críche cearta an duine a shárú nó chun leathadh arm ollscriosta a chumasú agus lánurraim á tabhairt do na hoibleagáidí agus na gealltanais a thug Ballstáit nó an tAontas Eorpach orthu féin mar chomhaltaí de na

[9] Togra le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le slándáil taighde a fheabhsú COM(2024) 26 an 24.1.2024.

[10] C(2023) 6689 final:

comhaontuithe idirnáisiúnta maidir le neamhleathadh agus mar chomhaltaí de na córais iltaobhacha rialaithe onnmhairí.

An Tréimhse Ama a chumhdaítear agus an Fhaisnéis atá le bailiú

5. Maidir leis an **tréimhse ama a chumhdaítear**, chun bonn leordhóthanach a fhorbairt chun leibhéal na gníomhaíochta amach agus na rioscaí gaolmhara a shainaithint agus measúnú a dhéanamh orthu laistigh de thréimhse réasúnach ama, measann an Coimisiún gur cheart a chumhdach leis an bhfaireachán idirbhearta nua agus idirbhearta leanúnacha agus idirbhearta áirithe san am atá caite. Ba cheart a bheith i gceist leis sin measúnú ag na Ballstáit ar **idirbhearta** sna réimsí teicneolaíochta roghnaithe **arna gcur i gcrích ón 1 Eanáir 2019 i leith.**. Iarrtar barúlacha freisin maidir leis an tréimhse ama sin a moladh.

6. Maidir leis **an bhfaisnéis atá le bailiú**, ba cheart a **sholáthar leis an bhfaireachán atá beartaithe na sonraí agus an fhaisnéis is gá do na Ballstáit agus don Choimisiún chun measúnú a dhéanamh ar rioscaí a bhaineann le hinfheistíochtaí amach** sna réimsí teicneolaíochta roghnaithe. Ba cheart na sonraí agus an fhaisnéis sin a roinnt le Ballstáit eile agus leis an gCoimisiún tríd an Sainghrúpa. Iarrann an Coimisiún barúlacha maidir leis an bhfaisnéis atá le bailiú mar a leagtar amach sa bhosca thíos.

Leis an bhfaireachán, ba cheart a chur ar chumas na mBallstát an fhaisnéis uile is gá a bhailiú don mheasúnú riosca, lena n-áirítear na nithe seo a leanas ar a laghad:

- Faisnéis faoi na páirtithe san idirbheart infheistíochta, lena n-áirítear ionad iomlán corpraithe na ndaoine dlítheanacha agus (bunaithe ar an bhfaisnéis is fearr atá ar fáil don Bhallstát) úinéir deiridh (úinéirí deiridh) aon pháirtí a bhfuil baint aige/aici leis an idirbheart,
- cineál agus neas-luach na hinfheistíochta,
- na táirgí, seirbhísí agus oibrithe gnó a bhaineann le teicneolaíochtaí criticiúla a mbaineann an infheistíocht leo,
- an dáta a bhfuil sé beartaithe go mbeidh infheistíocht curtha i gcrích nó ar cuireadh i gcrích í,
- bunaithe ar an bhfaisnéis is fearr atá le fáil don Bhallstát, faisnéis maidir le hidirbhearta a rinne na páirtithe san idirbheart infheistíochta roimhe sin agus maidir le hidirbhearta atá beartaithe nó a d'fhéadfadh a bheith beartaithe amach anseo.

Maidir le gníomhaíochtaí gaolmhara eile, a d'fhéadfadh a bheith faoi réir an fhaireacháin roghnaigh, d'fhéadfaí a áireamh san fhaisnéis sin na nithe seo a leanas ar a laghad:

- faisnéis faoi na daoine atá ag gabháil don ghníomhaíocht, lena n-áirítear ainm iomlán, seoladh agus náisiúntacht daoine nádúrtha nó seoladh cláraithe agus áit chorpraithe daoine dlítheanacha,
- bunaithe ar an bhfaisnéis is fearr atá ar fáil don Bhallstát, tuairisc bheacht ar an ngníomhaíocht,
- na teicneolaíochtaí criticiúla lena mbaineann an ghníomhaíocht,
- an dáta a thosaigh an ghníomhaíocht, an dáta a bhfuil sé beartaithe tús a chur léi, nó an dáta a cuireadh deireadh léi,
- bunaithe ar an bhfaisnéis is fearr atá le fáil don Bhallstát, faisnéis maidir le gníomhaíochtaí roimhe seo agus gníomhaíochtaí atá beartaithe nó atá beartaithe a dhéanamh amach anseo arna ndéanamh ag na daoine céanna a bhfuil baint acu le gníomhaíocht reatha.

Ba cheart aon sonraí a bhailítear a chosaint go hiomchuí agus, i gcás inar gá, iad a aicmiú sula roinntear iad le Ballstáit eile agus leis an gCoimisiún.

Gnéithe eile den fhaireachán: cé atá freagrach ar leibhéal náisiúnta, cad iad na huirlisí is ceart a úsáid agus cén chaoi a ndéanfaidh na Ballstáit rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí a áirithiú?

7. Chun a áirithiú gur féidir obair faireacháin a chur ar aghaidh, tá an Coimisiún den tuairim gur cheart do na Ballstáit **údarás a ainmniú a bheidh freagrach as an bhfaireachán** agus ba cheart dó a áirithiú go gcuirfidh na húdaráis náisiúnta inniúla, nuair is féidir, ionstraimí atá ann cheana i bhfeidhm, lena n-áirítear rialuithe ar onnmhairiú ítimí dé-úsáide chun cosc a chur ar aon riosca a d'aithin siad san fhaireachán atá le moladh.

8. **Uirlisí faireacháin agus malartú le páirtithe leasmhara**: chun go mbeidh an próiseas faireacháin éifeachtach, ní mór do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil uirlisí faireacháin agus foinsí faisnéise leordhóthanacha acu, agus mura bhfuil, ba cheart dóibh machnamh a dhéanamh ar na huirlisí atá ann cheana a chur in oiriúint nó cinn nua a chur i bhfeidhm chun críche na ngníomhaíochtaí faireacháin molta a leagadh amach thuas.

   Áirítear ar na **huirlisí faireacháin agus eile atá ann cheana a d'fhéadfaí a úsáid nó a chur in oiriúint** chun na críche sin **oibleagáidí i leith tuairisciú do bhainc cheannais nó d'oifigí náisiúnta staidrimh** agus institiúidí comhchosúla chun críoch staidrimh agus comhardaithe íocaíochtaí, ceanglais maidir le fógra a thabhairt d'údaráis náisiúnta rialaithe onnmhairiúcháin i dtaca le honnmhairiú, bróicéireacht, cúnamh teicniúil, iompar agus aistriú ítimí dé-úsáide agus cúnamh teicniúil ina leith chomh maith le haon idirbheart infheistíochta. Ba cheart do na Ballstáit freisin machnamh a dhéanamh ar scéimeanna oifigiúla ráthaíochta infheistíochta nó ar scéimeanna oifigiúla creidmheasanna onnmhairiúcháin mar fhoinse shonraí ábhartha. Ba cheart aon sonraí a bhailítear a chosaint go hiomchuí agus, más iomchuí, iad a aicmiú sula roinntear iad le Ballstáit eile agus leis an gCoimisiún.

   Iarrtar barúlacha maidir leis na huirlisí a d'fhéadfadh a bheith riachtanach le haghaidh faireachán éifeachtach, barúlacha maidir lena n-inmharthanacht agus leis an gcothroime nach mór a bhaint amach i dtéarmaí an ualaigh a d'fhéadfadh a bheith i gceist le faisnéis den sórt sin a bhailiú agus an gá le bonn leordhóthanach a áirithiú chun faireachán agus measúnú a dhéanamh ar ghníomhaíocht amach agus ar rioscaí sna hearnálacha a roghnaítear. Ina theannta sin, measann an Coimisiún go mbeidh sé tábhachtach go rachaidh na Ballstáit i gcomhairle le geallsealbhóirí ábhartha, lena n-áirítear an lucht gnó, an lucht léinn agus an tsochaí shibhialta mar chuid dá ngníomhaíocht faireacháin.

3.2. Measúnú riosca arna dhéanamh ag na Ballstáit

Agus iad ag tarraingt ar thorthaí an fhaireacháin atá á mholadh, measann an Coimisiún gur cheart do na Ballstáit an measúnú riosca seo a leanas a dhéanamh chun a shainaithint cé acu an bhfuil nó nach bhfuil ann do rioscaí i dtaca le slándáil. Ba cheart an measúnú a bhunú ar an bhfaisnéis a bhailítear trí fhaireachán a dhéanamh ar infheistíochtaí amach, agus ar

ghníomhaíochtaí eile a d'fhéadfadh a bheith ar bun a roghnaíonn siad faireachán a dhéanamh orthu, mar a shonraítear thuas.

Chun struchtúr a chur ar an measúnú riosca, creideann an Coimisiún go bhféadfadh na gnéithe seo a leanas a bheith mar threoir don mheasúnú a dhéanann na Ballstáit.

- Ba cheart an measúnú a bheith chomh cuimsitheach agus is féidir. Ba cheart tosaíocht a thabhairt san obair do na hidirbhearta nó na gníomhaíochtaí sin a mbainfeadh riosca dóibh ó thaobh shlándáil an Aontais ina iomláine de agus ba cheart freisin iarracht a dhéanamh le linn na hoibre a mheas cé chomh dóchúil a bheadh sé go dtiocfadh aon tionchar diúltach chun cinn.
- Ba cheart a shainaithint sa mheasúnú gnéithe rioscaí agus leochaileacht fhéideartha mar shampla na príomhchineálacha bagairtí agus gníomhaithe bagartha agus aon toisc gheopholaitiúil ábhartha.
- Ba cheart a chur san áireamh sa mheasúnú, *inter alia*, comhthéacs an idirbhirt, slabhra luacha agus slabhra soláthair na teicneolaíochta lena mbaineann, éabhlóid rioscaí chomh maith le forbairtí ábhartha teicneolaíochta, agus idirnascthacht dhomhanda éiceachóras na teicneolaíochta criticiúla lena mbaineann, lena n-áirítear gníomhaíochtaí taighde.
- D'fhéadfadh na Ballstáit machnamh a dhéanamh ar mhodheolaíochtaí a leanúint atá cosúil leo siúd a úsáidtear in athbhreithniú ar iarratais ar cheadúnais le haghaidh onnmhairiú ítimí dé-úsáide agus chun idirbhearta infheistíochta dírí coigríche a scagadh.

Ba cheart é a bheith ar a chumas do gach Ballstát mar gheall ar an measúnú riosca sin leochaileacht a shainaithint a bhféadfadh tionchar a bheith aici ar shlándáil an Aontais ina iomláine nó ar shlándáil na mBallstát, agus an dóchúlacht go dtiocfadh drochthionchar gaolmhar chun cinn. Déanfar na gnéithe thuasluaite a bheidh mar threoir don mheasúnú riosca a fhorbairt a thuilleadh sna Moltaí ón gCoimisiún amach anseo agus cuirfear san áireamh iontu an obair leantach atá ar bun ag an nGrúpa Saineolaithe in éineacht leis na Ballstáit, torthaí an chomhairliúcháin phoiblí agus na freagairtí ar an bPáipéar Bán seo, d'fhonn modheolaíocht chomhchoiteann a fhorbairt. Áiritheofar leis sin measúnú riosca comhsheasmhach uile-Aontais ó na Ballstáit uile. I gcás ina bhfuil sé indéanta, ba cheart do na Ballstáit agus don Choimisiún, faoi chreat na Teachtaireachta Comhpháirtí, féachaint le sineirgí idir measúnaithe riosca éagsúla ar rioscaí slándála a aimsiú.

3.3. Tuairisciú chuig an gCoimisiún agus chuig Ballstáit eile

Beidh am de dhíth ar na Ballstát chun faireachán ar idirbhearta nua agus leantacha a bhunú agus measúnú a dhéanamh ar bhonn na faisnéise atá ar fáil faoin méid a tharla ó bhí 2019 ann. Dá bhrí sin, molann an Coimisiún go ndéanfaidh na Ballstáit an faireachán sin laistigh de thréimhse 12 mhí ón tráth a ghlactar Moladh ón gCoimisiún. Mar gheall ar an tréimhse sin chomh maith leis an gcéim chomhairliúcháin suas go dtí samhradh 2024, ba cheart dóibh a bheith in ann córas faireacháin den sórt sin a chur i bhfeidhm agus a gcéad mheasúnú a dhéanamh. Le linn na tréimhse sin, leanfadh na Ballstáit agus an Coimisiún d'fhaisnéis agus barúlacha a mhalartú faoi chreat an Ghrúpa Saineolaithe chun a áirithiú go leanfar modheolaíocht chomhchoiteann leis an bhfaireachán agus an measúnú riosca a mhéid is indéanta.

Ba cheart do na Ballstáit tuarascáil a thabhairt don Choimisiún agus do Bhallstáit eile ar thoradh an fhaireacháin agus ar thoradh na hanailíse agus an mheasúnaithe riosca a rinne siad. Má shainaithnítear rioscaí a bhaineann le teaglaim de thosca nó pátrúin áirithe ar saintréithe iad d'aon chineál infheistíochta amach ar dóchúil go ndéanfaidís difear do shlándáil an Aontais nó na mBallstát, ba cheart do na Ballstáit na teaglama de thosca riosca a sholáthar don Choimisiún agus tuairisc a thabhairt ar na pátrúin sin.

3.4. Measúnú comhpháirteach agus díospóireacht

Molann an Coimisiún nach mór torthaí an fhaireacháin agus an mheasúnaithe riosca a bheidh le déanamh ag na Ballstáit a chomhroinnt leis an gCoimisiún agus na Ballstáit eile, i gcomhréir leis an leibhéal aicmiúcháin is iomchuí. Bunaithe ar an ionchur comhroinnte, **dhéanfadh an Grúpa Saineolaithe plé ar thoradh an fhaireacháin agus an mheasúnaithe riosca** d'fhonn na torthaí foriomlána a chomhdhlúthú agus cuidiú leis an gCoimisiún measúnú riosca críochnaitheach agus cuimsitheach a ullmhú agus**tuiscint chomhroinnte ar rioscaí a áirithiú**. D'fhéadfaí dul i gcomhairle le geallsealbhóirí eile ag an gcéim sin freisin, de réir mar is iomchuí.

Beidh sé sin ina **phointe tagartha úsáideach le haghaidh aon díospóireacht maidir le tuilleadh roghanna beartais** agus maidir leis an ngá a d'fhéadfadh a bheith ann le bearta maolaitheacha nó freagairtí eile beartais.

3.5. Athbhreithniú a dhéanamh ar iarratais ar cheadúnais le haghaidh onnmhairiú ítimí dé-úsáide i gcomhthéacs infheistíochtaí amach, comhairliúcháin i measc na mBallstát agus faisnéis a thabhairt don Choimisiún

I gcomhthreo leis an bhfaireachán agus an athbhreithniú a bheartaítear, i bhfianaise na ndlúthnasc a mhínítear i Roinn 1 thuas idir rialú ar onnmhairiú ítimí dé-úsáide agus infheistíochtaí amach, tá an Coimisiún den tuairim gur cheart do na Ballstáit, agus athbhreithniú á dhéanamh acu ar iarratais ar cheadúnas le haghaidh onnmhairiú ítimí dé-úsáide, aird ar leith a thabhairt i gcás ina bhfuil nasc idir iarratais den sórt sin agus infheistíochtaí amach, agus ar aon riosca a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis na hiarratais sin. D'fhéadfadh léargas úsáideach teacht as sin ó thaobh na hoibre faireacháin de.

Ós rud é gur cheart tosaíocht a thabhairt d'úsáid ionstraimí atá ann cheana, measann an Coimisiún gur cheart do na Ballstáit i gcásanna den sórt sin breithniú ar leith a thabhairt, nuair is ábhartha, d'ionstraimí atá ann cheana a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar údair imní a d'fhéadfadh a bheith ann, lena n-áirítear rialuithe 'uileghabhálacha'[11] ar onnmhairí chun na rioscaí a mhaolú i ndáil le teicneolaíocht den sórt sin a bheith ag cur le díchobhsú cur i bhfeidhm míleata, le leathadh arm ceimiceach, bitheolaíoch nó núicléach, nó le sárú ar chearta

[11] Tuigtear go ginearálta gurb é atá i rialuithe 'uileghabhálacha' rialuithe a chuireann na Ballstáit i bhfeidhm maidir le hítimí nach liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821 (an 'Rialachán Dé-Úsáide'), (dá ngairtear 'liosta rialuithe an Aontais Eorpaigh'), agus mar sin go bhfuil feidhm ag na rialuithe maidir le hítimí nár comhaontaíodh go fóill faoi na córais rialaithe iltaobhacha. Go háirithe, le hAirteagal 4 den Rialachán Dé-Úsáide, ceanglaítear ar onnmhaireoirí údarú onnmhairiúcháin a lorg má chuireann údarás inniúil an Bhallstáit in iúl dóibh go bhféadfadh ítim a onnmhairíonn siad a bheith beartaithe le haghaidh ceann amháin de na húsáidí íogaire deiridh áirithe a mhionsonraítear in Airteagal 4. De ghnáth, is i bhfoirm fógra aonair neamhphoiblí chuig an onnmhaireoir ábhartha a bhíonn an fhaisnéis sin.

an duine, lena bhféadfaí bagairt ar shíocháin agus slándáil idirnáisiúnta agus réigiúnach a chruthú.

Iarrann an Coimisiún ar údaráis rialaithe onnmhairí na mBallstát, a mhéid is féidir ó thaobh an dlí de, breithniú ar dhul i gcomhairle le Ballstáit eile agus an Coimisiún a chur ar an eolas nuair a bheidh iarratais ar cheadúnais le haghaidh onnmhairiú ítimí dé-úsáide á n-athbhreithniú acu i gcomhthéacs infheistíochtaí amach sna 4 réimse teicneolaíochta criticúla, faoi cé acu de na hiarratais is dócha a mbeidh tionchar acu ar shlándáil Ballstát eile. D'fhéadfaí an comhairliúchán sin a dhéanamh go neamhfhoirmiúil agus é a mhúnlú ar an sásra comhair a bunaíodh chun infheistíochtaí díreacha coigríche a scagadh faoi Rialachán (AE) 2019/452.

Laistigh den sprioc-am céanna leis an gcleachtadh faireacháin, beartaíonn an Coimisiún go dtabharfaidh na Ballstáit tuarascáil don Choimisiún agus do Bhallstáit eile maidir le cur chun feidhme rialuithe ar onnmhairí sa chomhthéacs sin, lena n-áirítear líon agus ábhar na n-iarratas ar cheadúnas arna bhfáil i ndáil le honnmhairí a tharlaíonn go sonrach i gcomhthéacs infheistíochta amach. Le linn na tréimhse sin, leanfadh na Ballstáit agus an Coimisiún d'fhaisnéis agus barúlacha a mhalartú maidir leis na hábhair sin faoi chreat an Ghrúpa Saineolaithe.

4. CONCLÚID

Sa Pháipéar Bán seo leagtar amach céad tionscnamh beartais an Choimisiúin i réimse na n-infheistíochtaí amach. Ag aithint dó cineál casta agus íogair an tionscnaimh, molann an Coimisiún cur chuige céimnitheach, ag obair go dlúth le húdaráis na mBallstát tríd an nGrúpa Saineolaithe maidir le hInfheistíocht Amach.

Chun struchtúr a chur ar na freagairtí ar na smaointe a leagtar amach sa Pháipéar Ban seo, tá comhairliúchán poiblí á sheoladh ag an gCoimisiún bunaithe ar cheistneoir mionsonraithe a n-iarrtar ar gheallsealbhóirí, lena n-áirítear an lucht gnó, an lucht léinn agus an tsochaí shibhialta é a líonadh isteach.

Ní fhéadfar **freagairtí leordhóthanacha a cheapadh chun slándáil an Aontais agus a chuid Ballstát a chosaint ach ar bhonn measúnuithe cuimsitheacha**. Agus freagairtí den sórt sin á múnlú, ba cheart tosaíocht a thabhairt d'úsáid iomlán a bhaint as ionstraimí atá ann cheana seachas do chinn nua a bhunú. Ba cheart **aon fhreagairt a bheith comhréireach, spriocdhírithe go beacht agus infhorfheidhmithe** chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí arna sainaithint le haghaidh gach cineál infheistíochta nó gníomhaíochta amach agus réimse teicneolaíochta criticiúla.

Leanfar den obair sa Ghrúpa Saineolaithe maidir le hInfheistíocht Amach in 2024 mar aon le dul i gcomhairle le geallsealbhóirí. Féachfaidh an Coimisiún freisin le tuairimí Pharlaimint na hEorpa agus na dtíortha comhpháirtíochta eile atá ar aon intinn léi a fháil.

Dá bhrí sin, ó thaobh ama de is iad seo a leanas na chéad chéimeanna eile:

- Eanáir 2024: glacadh an Páipéir Bháin maidir le hinfheistíochtaí amach;
- Mí Eanáir – mí Aibreáin 2024: comhairliúchán poiblí maidir leis an bhfaireachán agus an athbhreithniú a mholtar a dhéanamh ar infheistíochtaí amach áirithe atá ann cheana agus ar ghníomhaíochtaí gaolmhara;

- Samhradh 2024: measúnú a dhéanamh ar thorthaí an chomhairliúcháin agus Moladh ón gCoimisiún do na Ballstáit a ghlacadh i ndáil le seoladh an fhaireacháin agus an athbhreithnithe atá molta;
- Samhradh 2025: tabhairt i gcrích an fhaireacháin mholta agus an athbhreithnithe mholta ag na Ballstáit agus na measúnuithe riosca ar idirbhearta infheistíochta amach;
- Fómhar 2025: Measúnú ag an gCoimisiún ar an ngá atá le freagairtí beartais agus le hábhar féideartha ina leith siúd sa réimse sin.

*

* *